C/2024/3380

31.5.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha

(COM(2023) 728 final — 2023/0413 (COD))

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta

(COM(2023) 727 final — 2023/0410 (COD))

(C/2024/3380)

Rapóirtéir: **Florian MARIN**

Comhairliúchán	Parlaimint na hEorpa, 26.2.2024 le haghaidh COM (2023) 727 agus le haghaidh COM (2023) 728 An Comhairle, 5.12.2023 le haghaidh COM(2023) 727 agus 22.12.2023 le haghaidh COM(2023) 728
Bunús dlí	Airteagal 43, Airteagal 192(1) agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	26.2.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	20.3.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	586
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	169/0/6

1. Conclúidí agus moltaí

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE),

1.1. Is go cáiréiseach a fháiltíonn CESE roimh na tograí ón gCoimisiún agus molann sé gur cheart an creat faireacháin foraoise a bheith inbhuanaithe, íogair ó thaobh inscne de, sábháilte agus slán, costéifeachtach, indéanta go hoibríochtúil, tráthúil, dinimiciúil, cuimsitheach agus rannpháirtíoch, chun an comhar a bhunú idir an eolaíocht agus an cleachtas, in éineacht le pleanáil níos fearr. Ba cheart déileáil leis an gcreat faireacháin foraoise a bheartaítear mar uirlis staidrimh seachas mar uirlis mhaoirseachta, ós rud é gur freagracht náisiúnta é bainistiú foraoisí den chuid is mó ([1]). Is mian le CESE a mheabhrú go gcuirtear in iúl sa Mheasúnú Tionchair ón gCoimisiún Eorpach ([2]) nach bhfuil gach geallsealbhóir i bhfabhar rialachán a bhunú agus gurbh fhearr leo treoirlínte soiléire a bheith acu agus leanúint de na córais reatha faireacháin. Ba cheart é sin a chur san áireamh go hiomchuí sna chéad chéimeanna eile den phróiseas comhchinnteoireachta. Ba cheart aon sonraí a bhailítear a úsáid ar bhealach a urramaíonn cearta agus leasanna úinéirí foraoisí agus bainisteoirí foraoisí;

([1]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 22, IO C 14, 15.1.2020, lch. 95 agus IO C 140, 21.4.2023, lch. 46.
([2]) https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-regulation-forest-monitoring-framework_en.

1.2. Iarrann CESE go ndéanfaí tuilleadh athbhreithnithe ar ábharthacht, teorainneacha teicniúla agus fadhbanna breithiúnacha a bhaineann leis na hathróga atá beartaithe, lena n-áirítear taifeach spásúil agus minicíocht an tuairiscithe, sula gcomhaontófaí ar sheoladh an tionscnaimh. Tá soiléire bhreise ag teastáil sa rialachán maidir le ceann scríbe, úsáid agus bailíochtú sonraí, agus ba cheart é a chur san áireamh i gcás reachtaíocht thánaisteach a bheidh ann sa todhchaí.

1.3. Measann CESE gur uirlis ríthábhachtach é creat AE faireacháin foraoise a bheartaítear, agus an méid a leanas á mholadh aige:

— gur cheart don chóras na córais faireacháin foraoise atá ann cheana a chomhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a áirithiú le sonraí a chumhdaítear le reachtaíocht eile (reachtaíocht aeráide, aeir, bhithéagsúlachta) agus an comhbheartas talmhaíochta;

— gur cheart sraith choiteann, chomhchuibhithe táscairí a tharraingt suas agus iad bunaithe ar reachtaíocht agus ar na córais faireacháin atá ann cheana agus ba cheart iad a dhearadh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na córais sin a mhéid a bhaineann le measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an tionchar ar an mbithéagsúlacht, leis na SDGanna agus le bainistiú foraoisí;

— nár cheart na sonraí a bhailítear a úsáid chun críocha tráchtála gan tairbhí a sholáthar do na húinéirí;

— gur cheart aon sonraí a bhailítear a úsáid ar bhealach a urramaíonn cearta agus leasanna úinéirí foraoisí agus bainisteoirí foraoisí agus a bheith foilsithe i bhfoirm chomhiomlánaithe amháin;

— gur cheart sainmhíniú soiléir a leagan síos maidir le haonad foraoise;

— gur cheart leibhéal coibhéiseach gráinneachta, teicneolaíochta agus minicíochta a áirithiú, go háirithe nuair a dhéantar sonraí forlíontacha a bhailiú i ngach Ballstát;

— tá gá le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha do na Ballstáit chun tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh d'fhonn sonraí a bhailiú chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú;

1.4. Cuireann CESE in iúl gur díol sásaimh dó an cur chuige atá in úsáid maidir leis na pleananna fadtéarmacha d'fhoraoisí agus go bhfuil an méid a leanas á mholadh aige:

— go dtathantaítear ar Bhallstáit a thairbhíonn d'fhoraoisí plean fadtéarmach d'fhoraoisí a bheith acu;

— gur cheart na gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha a bheith san áireamh i struchtúr na bpleananna foraoise, agus luachanna iltaobhacha na bhforaoisí agus tionchar sóisialta phobail na bhforaoisí a chur san áireamh;

— i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta, ba cheart an tsochaí shibhialta a chomhtháthú i ndearadh, agus ag brath ar an staid sna Ballstáit, i gcur chun feidhme na bpleananna;

— gur cheart dearadh agus cur chun feidhme na bpleananna foraoise fadtéarmacha agus an faireachán orthu a mhaoiniú trí úsáid a bhaint as cistí AE atá ann cheana agus as cistí nua;

— gur cheart an plean a bheith ina chomhlánú ar straitéisí eile maidir le foraoisí agus coillte;

— gur cheart é a bheith ag teacht go follasach leis na SDGanna, go mbeadh sé i gcomhréir leo agus go rannchuideodh an plean leo;

1.5. Molann CESE gur cheart an ról atá ag an mBuanchoiste Foraoiseachta a neartú lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an obair a dhéanfar sa todhchaí ar fhaireachán ar fhoraoisí; ba cheart geallsealbhóirí ábhartha na sochaí sibhialta a bheith páirteach sa ghrúpa, i bhfianaise ról tábhachtach na bhforaoisí don tsochaí.

1.6. Molann CESE gur cheart an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir prionsabal na coimhdeachta, ar thaobh amháin, agus urraim d'inniúlachtaí náisiúnta agus inniúlachtaí AE, cearta maoine príobháidí, agus úinéireacht sonraí, ar an taobh eile, agus an leibhéal céanna tábhachta a thabhairt do shonraí foraoise eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

1.7. Molann CESE gur cheart an tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach i gcreat faireacháin AE d'fhoraoisí a fhorbairt agus gur cheart trédhearcacht leordhóthanach a áirithiú;

1.8. Iarrann CESE go gcuirfí acmhainní oiliúna tiomnaithe ar fáil do bhainisteoirí foraoise, d'úinéirí foraoise agus d'oibrithe chun cur chuige cuimsitheach agus rathúil a áirithiú maidir le creat faireacháin foraoise an Aontais a chur chun feidhme.

2. **Cúlra**

2.1. Tá creat á mholadh ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar fhoraoisí ar creat é a bhunófar ar thráthúlacht, cruinneas, comhsheasmhacht, trédhearcacht, inchomparáideacht agus iomláine na sonraí foraoise, ar a infhaighte a bheidh na sonraí sin agus ar rialachas an chórais atá ag an gCoimisiún agus na Ballstáit i gcomhpháirt. Áirítear leis an gcóras faireacháin ar fhoraoisí atá beartaithe córas aitheantais ardtaifigh, a bheidh sainráite ó thaobh na tíreolaíochta de, maidir leis na gabháltais foraoise go léir san Aontas, agus creat chun sonraí foraoise a bhailiú agus a chomhroinnt. Is é is aidhm don chreat sin bonn eolais a bhunú maidir le foraoisí na hEorpa, agus ar an gcaoi sin ár dtuiscint ar dhálaí na n-éiceachóras sin a shaibhriú.

2.2. Tá córas sonraí deighilte dhá leibhéal á mholadh don bhailiú sonraí idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus soláthraíodh sainmhínithe coiteanna agus minicíochtaí sonracha chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a bhailítear inchomparáide agus comhsheasmhach. Bunóidh gach Ballstát comhfhreagraí náisiúnta a bheidh freagrach as an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus an Ballstát.

2.3. Molann an Coimisiún go bhforbróidh na Ballstáit plean comhtháite fadtéarmach go deonach i ndáil le foraoisí, bunaithe ar struchtúr ar leith, agus go mbeidh comhfhreagraí náisiúnta freagrach as an bpróiseas a chomhordú. Molann an Coimisiún freagrachtaí an Bhuanchoiste Foraoiseachta atá ann cheana a leathnú agus an Buanghrúpa Foraoise agus Saineolaithe Foraoiseachta a thabhairt air feasta, agus éagsúlacht ildisciplíneach na malartuithe sonraí foraoise idir an Coimisiún agus na Ballstáit a chur san áireamh mar aon leis na luachanna iomadúla a bhaineann le foraoisí.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is go cáiréiseach a fháiltíonn CESE roimh na tograí ón gCoimisiún, ós rud é nach raibh aon cheanglais chomhchuibhithe san Aontas go dtí seo maidir le tuairisciú ar fhoraoisí, agus go gcuirtear sainmhínithe coiteanna agus uirlisí níos fearr ar fáil sna tograí chun sonraí foraoise a thaifeadadh agus an dul chun cinn i dtreo inbhuanaitheacht na bhforaoisí a thomhas. Mar sin féin, b'fhéidir nach cáilíocht ná sláine ionchais na sonraí ná a ábhartha a bheidís don bheartas a bheadh mar thoradh ar spleáchas láidir ar chianbhrath sonraí le satailít. Leis an rialachán seo, cuirtear leis an mbonneagar sonraí foraoiseachta atá ann cheana.

3.2. Ba cheart córais sonraí foraoise a bheith inbhuanaithe, costéifeachtach, indéanta go hoibríochtúil, tráthúil, sábháilte agus slán, dinimiciúil, íogair ó thaobh inscne de, cuimsitheach agus rannpháirtíoch chun go mbeidh an eolaíocht agus an cleachtas i ndlúthchomhar, in éineacht le pleanáil níos fearr. Ba cheart déileáil leis an gcreat faireacháin atá beartaithe mar uirlis staidrimh seachas mar uirlis mhaoirseachta, ós rud é gur inniúlacht náisiúnta í bainistíocht foraoisí den chuid is mó. Ba cheart an fhaisnéis a fhoilsiú ar leibhéal a bheidh comhiomlánaithe go leordhóthanach, i bhfoirm a fhágfaidh nach féidir sonraí úinéir foraoise aonair a shainaithint agus nach gcuirfear cosaint sonraí úinéirí foraoise i mbaol. D'fhéadfaí fadhbanna a chruthú do na milliúin feirmeoirí beaga ar fud an Aontais le roinnt de na hathróga a bheartaítear mar gheall ar an ardtaifeach, a mhinice a úsáidfear iad agus an cumhdach iomlán a bhainfidh leo.

3.3. Rannchuidíonn an togra go díreach le comhdhlúthú an gheilleagair sonraí agus le ceannasacht dhigiteach. Mar thoradh ar shonraí digitithe, sainmhínithe coiteanna agus cur chuige coiteann i ndáil le sonraí foraoise d'fhéadfaí taighde éagsúil, tástálacha struis aeráide agus anailísí bithéagsúlachta a éascú agus bainistiú rannpháirtíoch ar fhoraoisí a áirithiú, mar aon le beartais phoiblí fhianaisebhunaithe agus pleanáil fhianaisebhunaithe. Tá deiseanna nua gnó á gcur ar fáil ag foraoisí agus ag bainistiú inbhuanaithe foraoisí, agus an fheirmeoireacht carbóin ar cheann díobh, agus bíonn gá le sonraí chun infheistíochtaí a mhealladh agus faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá foraoisí maidir leis an athrú aeráide a mhaolú. Tá gá le cur chuige sonrach maidir leis na tairbhí do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le stóráil carbóin i gcrainn, ar crainn iad sin a chuir eintitis phríobháideacha ar mhaithe le leas an phobail (ERAnna).

3.4. Aithníonn CESE na tairbhí féideartha a bhaineann le geilleagar sonraí comhdhlúite mar aon leis an gceannasacht dhigiteach maidir le bainistiú foraoisí, agus tá sé ríthábhachtach ceannasacht náisiúnta na mBallstát a urramú agus iad i mbun a mbeartais foraoise a mhúnlú. Tá CESE den tuairim gur den tábhacht lárú neamhriachtanach agus maorlathas breise a sheachaint, agus gur cheart comhthéacsanna uathúla éiceolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha gach Ballstáit a chur san áireamh. Ní mór aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar ábhair imní maidir le húsáid sonraí agus cothromaíocht costais is tairbhe rialachán nua chun a áirithiú go dtacaíonn siad le bainistiú éifeachtach foraoisí i ngach Ballstát seachas bac a chur air.

3.5. Is den tábhacht rannpháirtíocht agus tacaíocht na mBallstát, na mbainisteoirí agus na n-úinéirí foraoise, bídís ina n-úinéirí príobháideacha nó poiblí, chun a áirithiú go mbeidh rath ar an mbailiú sonraí. Ba cheart, i gcás faireachas satailíte ar an leibhéal forstáit, an chothromaíocht cheart a bhaint amach sa phróiseas bailithe agus riaracháin sonraí idir prionsabal na coimhdeachta, agus urraim d'inniúlachtaí náisiúnta agus d'inniúlachtaí an Aontais i réimsí amhail an comhshaol, an aeráid nó fuinneamh. Ba cheart an reachtaíocht náisiúnta, go háirithe maidir lena hidir-inoibritheacht le gníomhaithe eile ó shlabhraí soláthair éagsúla agus ó thionscail adhmaid éagsúla, a chur san áireamh. Tá tuilleadh meastóireachta ag teastáil maidir lena hábhartha atá sí agus maidir leis na rioscaí do bhainisteoirí agus úinéirí foraoisí.

3.6. Tá ríthábhacht le sonraí iontaofa agus oiriúnaithe sa chinnteoireacht, chun bainistiú inbhuanaithe foraoisí a fheabhsú agus mar chuidiú chun rioscaí a chosc. Ba cheart an leibhéal céanna gráinneachta, teicneolaíochtaí agus minicíochta a chur san áireamh nuair a úsáideann na Ballstáit a gcórais féin agus nuair a bhailíonn siad sonraí forlíontacha eile go deonach.

3.7. Tá tábhacht leis an méadú leanúnach ar úsáid na hintleachta saorga (IS) agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IOT) do shlabhraí soláthair foraoiseachta trédhearcacha gan aon spleáchais a chruthú le soláthraithe IS. Ba cheart a bheith ag cuimhneamh i gcónaí ar an rochtain ar theicneolaíochtaí nua a mhéadú. Ba cheart sláine sonraí agus inchreidteacht sonraí a bheith ina gcúram trasearnálach. Tá soiléire bhreise ag teastáil sa rialachán maidir le bailíochtú sonraí, agus ba cheart é a chur san áireamh i gcás reachtaíocht thánaisteach a bheidh ann sa todhchaí.

3.8. Is den tábhacht sineirge arna comhdhlúthú leis an gcóras breithiúnach a mhéid a bhaineann le húsáid na sonraí atá bailithe ag aon pháirtí leasmhar. Ba cheart na sonraí a bhailítear a úsáid i scéimeanna éagsúla díchill chuí, agus an fhéidearthacht sin a bheith ann i gcónaí. Ba cheart an fhéidearthacht go ndéanfaí sonraí, i bhformáidí coiteanna éagsúla, a íoslódáil ar feadh tréimhse fhada lena n-úsáid le haghaidh anailísí éagsúla eile a chur san áireamh. Tá ríthábhacht le trédhearcacht a áirithiú maidir le húsáid na sonraí a bhailítear agus maidir le maoirseacht ar a n-úsáid. Ba cheart aon sonraí a bhailítear a úsáid ar bhealach a urramaíonn cearta agus leasanna úinéirí talún nó bainisteoirí foraoisí. Níor cheart na sonraí a úsáid ach chun críocha sonracha dea-shainithe ar a gcomhaontófaí go comhoibríoch, agus béim láidir ar shlándáil sonraí agus ar phríobháideachas sonraí. Ina theannta sin, ba cheart féachaint ar uirlisí soláimhsithe a bheith ar fáil le haghaidh rochtain ar shonraí agus anailís sonraí chun úinéirí foraoisí, bainisteoirí foraoisí agus tíortha a chumhachtú chun a gcuid sonraí foraoise a bhainistiú go héifeachtach.

3.9. Molann CESE dúbláil sonraí a sheachaint ós rud é go mbíonn roinnt sonraí foraoise á mbailiú faoin gcomhbheartas talmhaíochta freisin i mbeagnach gach Ballstát agus i gcásanna áirithe, tá fardail náisiúnta foraoise ann cheana ar féidir leas a bhaint astu sa phróiseas. Ba cheart na sonraí foraoise a chomhlánú le sonraí a chumhdaítear le reachtaíocht eile a bhaineann leis an aeráid, le huisce, le haer agus leis an mbithéagsúlacht, agus leis an gcomhbheartas talmhaíochta, agus ba cheart go mbeidís go hiomlán comhoiriúnach le modheolaíocht FAO. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir foraoisí le haghaidh lománaíochta agus cineálacha eile foraoisí. I gcás inarb ábhartha, ba cheart sraith choiteann táscairí ginearálta a sholáthar go huathoibríoch agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a mhéid a bhaineann le bainistiú foraoisí ar leibhéil a chomhiomlánaítear ó thaobh na tíreolaíochta de. Ba cheart táscairí a bhaineann le tionchar féideartha na gcleachtas bainistíochta ar an mbithéagsúlacht, nó tosca eile amhail an t-athrú aeráide, mar a rannchuidíonn siad le SDGanna, agus táscairí lena dtomhaistear éifeachtacht na n-idirghabhálacha beartais, a chur san áireamh.

3.10. Ba cheart cistí dílsithe a dhearbhú nó an fhéidearthacht cistí atá ann cheana a úsáid chun pleananna foraoise fadtéarmacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme nó chun na pleananna atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go sainráite go mbeidh ról ag an tsochaí shibhialta i ndearadh, i gcur chun feidhme na bpleananna agus san fhaireachán orthu. Ós rud é go mbeartaítear oibleagáidí tuairiscithe nua sa rialachán, molann CESE gur cheart fóirdheontais shonracha a chur ar fáil chun na sonraí a bhailiú, a ghiniúint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu suas le leibhéal áirithe sonraí.

3.11. Ní mór idir-inoibritheacht dheonach le cláir sonraí foraoise náisiúnta eile agus le sonraí tráchtála a ráthú ós rud é, a mhéid a bhaineann leis an athrú aeráide, go mbeidh gá le sonraí fadtéarmacha in éineacht le sonraí a bhaineann le tionscail an adhmaid agus le slabhraí soláthair. Is é comhairle CESE gur cheart inrianaitheacht iomlán na sonraí adhmadbhunaithe a bheith éigeantach san Aontas, is cuma cén úsáid a dhéantar den adhmad.

3.12. Molann CESE go bhfuil smachtbhannaí soiléire a bheadh infheidhme maidir leis na Ballstáit ag teastáil i bhfianaise mhórthábhacht na sonraí foraoise don aistriú aeráide agus don bhithéagsúlacht. Ba cheart na srianta maidir le tairbhiú de chistí an Aontais i gcás ina bhfuil na sonraí foraoise neamhiomlán nó míchruinn a chur san áireamh. Ba cheart uirlisí agus cleachtais inbhuanaithe agus fuinneamh glas a úsáid ar fud an chreata faireacháin foraoise go léir.

3.13. Is é comhairle CESE go bhfuil breis soiléire ag teastáil maidir le ról an Choimisiúin i gcomhordú an phróisis bailithe sonraí foraoise agus gur cheart comhoibriú idir na Ballstáit a bheith indéanta i gcás foraoisí a thrasnaíonn roinnt Ballstát nó a shíneann isteach i dtríú tíortha. Beidh tábhacht leis an gcomhar idir pointí teagmhála éagsúla agus le rannpháirtíocht na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí áitiúla chun go n-éireoidh leis an rialachán seo.

3.14. Ba cheart sonraí foraoise a bhailiú in éineacht le sonraí maidir le réimsí idirnasctha amhail forbairt na tuaithe, an geilleagar ciorclach, an eolaíocht nó an digitiú. Ba cheart luachanna iomadúla na dtáscairí foraoise, amhail a mhéid a rannchuidíonn siad leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta, a chur san áireamh freisin. Ba cheart sonraí sóisialta atá bailithe cheana féin ag na Ballstáit a nascadh le sonraí foraoise i bhfianaise thionchar sóisialta na bhforaoisí, ar phobail foraoise go háirithe, agus aird ar leith a thabhairt ar dhaoine óga agus ar chúrsaí inscne. Ba cheart meastóireacht leanúnach ar chineál dinimiciúil an chórais bailithe sonraí foraoise a áirithiú trí thacair nua sonraí a chur leis.

3.15. Ba cheart an leibhéal céanna tábhachta a chur le sonraí foraoise eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Ba cheart úinéirí den uile chineál a chur san áireamh i bhfianaise a éagsúla atá úinéireacht foraoisí san Aontas. Ba cheart go gcuideodh na sonraí a bhaileofaí leis an rialachas foraoise a chomhdhlúthú agus ba cheart é a bheith ina chúram leanúnach, agus ba cheart an próiseas soláthair sonraí maidir le slabhra soláthair casta na foraoiseachta a dhéanamh níos daonlathaí.

3.16. Ba cheart go rachadh sé chun tairbhe d'úinéirí foraoisí, idir phríobháideach agus phoiblí, a gcuid sonraí a chomhroinnt. Ba cheart na sonraí a bhaileofaí a úsáid le haghaidh seirbhísí dílsithe comhairle d'úinéirí foraoisí agus níor cheart iad a úsáid chun críocha tráchtála, gan tairbhí a sholáthar do na húinéirí. Ba cheart leas an phobail a bheith ina athróg thrasghearrthach i gcónaí, is cuma cé leis an fhoraois agus ní mór urraim a thabhairt do mhaoin phríobháideach.

3.17. Is é comhairle CESE gur cheart deasc chabhrach dhílsithe a chur ar bun chun cúnamh a thabhairt, nó gur cheart ábhair thacaíochta shonracha a chur ar fáil. Ba cheart toiliú na soláthraithe sonraí a fháil nuair a bheidh a gcuid sonraí le roinnt, beag beann ar cheann scríbe agus úsáid na sonraí agus ba cheart na soláthraithe sonraí a bheith ar an eolas i gcás ina mbainfear úsáid as a gcuid sonraí chun críoch eile. Ba cheart ceanglais RGCS a urramú go cúramach agus sonraí á bhfoilsiú, go háirithe maidir le sonraí príobháideacha agus maidir le foinsí sonraí cianda a úsáid.

3.18. Molann CESE freisin go ndéanfaí ról na bhforaoisí a mheas go hidirnáisiúnta, agus iarrann sé ar an Aontas an cur chuige céanna maidir le sonraí foraoise a chur chun cinn go gníomhach i dtríú tíortha agus comhaontuithe idirnáisiúnta a bhunú i ndáil leis sin, go háirithe maidir le táirgí adhmaid a chur ar mhargadh an Aontais ar táirgí iad a chomhlíonann nósanna imeachta díchill chuí agus an rialachán maidir le dífhoraoisiú atá ann cheana. Ba cheart an fhéidearthacht oibriú le tríú páirtithe amhail cuideachtaí bogearraí nó cuideachtaí sonraí a bheith ann i gcás ina roghnaíonn na Ballstáit é sin a dhéanamh.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá CESE á iarraidh go gcuirfí breis soiléire ar fáil maidir le ceann scríbe agus úsáid na sonraí a bhailítear, maidir leis an institiúid a mbeidh rochtain aici ar na sonraí sin, agus maidir leis na tairbhí a chuirfear ar fáil.

4.2. Is é comhairle CESE gur cheart a fhiosrú ar cheart athróga ábhartha eile seachas éin a bheith á gcumhdach sna sonraí bithéagsúlachta a áirítear sa rialachán, ag cur san áireamh a ilchasta atá an t-éiceachóras foraoise agus dáileadh na speiceas. Is rud tábhachtach é i bhfianaise a riachtanaí atá sé tuiscint a fháil ar an éiceachóras foraoise go léir agus ba cheart reachtaíocht shonrach a fhorbairt i ndáil leis sin agus an ceangal idir sonraí maidir leis an mbithéagsúlacht agus an acmhainneacht oibríochtúil a theastaíonn a chur san áireamh.

4.3. Iarrann CESE ar gach Ballstát a thairbhíonn d'fhoraoisí plean foraoise fadtéarmach a bheith aige, agus na pleananna náisiúnta foraoise fadtéarmacha atá ann cheana á n-urramú ag an am céanna, agus cuireann sé in iúl gur cheart Airteagal 13 a mhodhnú i ndáil leis sin. Ba cheart an chomhlántacht idir pleananna foraoise éagsúla na mBallstát difriúil agus straitéisí foraoise eile nó tionscail an adhmaid a chur san áireamh ós rud é nach ann do spás coiteann sonraí san Aontas faoi láthair le haghaidh thionscail an adhmaid.

4.4. Is cúis imní do CESE go bhféadfadh an reachtaíocht thánaisteach rioscaí a chruthú do chur chun feidhme éifeachtach an rialacháin agus nach gcuimsítear aon uirlisí nithiúla TF sa rialachán. Ba cheart am agus treoir leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit chun an creat faireacháin foraoise a chur chun feidhme, ag cur san áireamh gur uaillmhianach an spriocdháta 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4.5. Is é comhairle CESE gur cheart Airteagal 11 a leasú chun a áirithiú go ndíreofar ar leasanna na ngeallsealbhóirí áitiúla, agus go mbeidh ról ag an tsochaí shibhialta maidir leis an gcomhordú agus an comhar chun feabhas a chur ar úsáideacht an chreata faireacháin foraoise, ós rud é go bhfuil anailís iomchuí chomhthéacs-shonrach ag teastáil mar chomhlánú ar an rochtain oscailte ar fhaisnéis.

4.6. Molann CESE gur cheart foraoisí príomhúla a áireamh freisin sna foraoisí sin a luaitear in Iarscríbhinn 2, pointe a, ar foraoisí iad nach soláthraíonn adhmad, i ngeall ar an méid a chuireann siad le cosaint na bithéagsúlachta. Ba cheart crainn lasmuigh d'fhoraoisí a áireamh sa chóras bailithe sonraí.

4.7. Is é comhairle CESE gur cheart leas úinéirí na bhforaoisí príobháideacha a chur san áireamh go cúramach i gcás ina bhfoilsítear na sonraí foraoise a luaitear in Airteagal 7, ós rud é go bhféadfaí difear a dhéanamh don leas sin. Ba cheart sainmhíniú soiléir ar aonad foraoise a leagan síos agus ba cheart urraim a thabhairt do mhaoin phríobháideach i gcónaí. Ba cheart an gaol idir foraoisí príobháideacha agus na pointí teagmhála náisiúnta a shoiléiriú tuilleadh in éineacht le húsáid na sonraí príobháideacha ar mhaithe le leas an phobail ós rud é gur rud príobháideach í úinéireacht na sonraí.

4.8. Ba cheart gnéithe sóisialta d'fhoraoisí a áireamh freisin i struchtúr na bpleananna foraoise fadtéarmacha a luaitear in Iarscríbhinn IV agus ba cheart a shonrú mar a rannchuidíonn siad go díreach leis na SDGanna a bhaineann le foraoisí. Ba cheart prionsabal na comhpháirtíochta a áireamh sna pleananna agus tá caibidil speisialta ag teastáil maidir le comhar leis an tsochaí shibhialta maidir leis na pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu.

4.9. Tá CESE á iarraidh go ndéanfar tuilleadh infheistíochtaí san fhothú acmhainneachta chun sonraí foraoise a bhailiú, a chomhroinnt, a úsáid agus a bhainistiú agus go ndéanfar acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh i ndáil leis sin, go háirithe le haghaidh na gcomhfhreagraithe náisiúnta, trí úsáid a bhaint as CBT nó as cistí agus ionstraimí eile. Ba cheart acmhainní oiliúna dílsithe a chur ar fáil do bhainisteoirí foraoisí, d'úinéirí foraoisí agus d'oibrithe foraoise. Ba cheart sonraí maidir le hoibrithe foraoise agus dálaí oibre a bheith curtha san áireamh ag na Ballstáit ar bhonn leanúnach, i bhfianaise an ról ilfheidhmeach a imríonn na foraoisí.

4.10. Ba cheart feachtais chibearshlándála agus chosanta sonraí a bheith ina gcúram leanúnach. Ba cheart an chuimsitheacht dhigiteach agus an litearthacht dhigiteach a bhreithniú. Chomh maith leis sin, ba chearr an rochtain ar shonraí, agus ar theicneolaíochtaí crua-earraí agus bogearraí a éascú.

4.11. Ba cheart féachaint i gcónaí leis an ualach riaracháin a laghdú agus leis an rómhaorlathas (i.e. sonraí a bhailiú agus a thuairisciú ([3]) an iomarca) a sheachaint. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil ós rud é, de réir Iarscríbhinn 1, go mbíonn sonraí áirithe le bailiú uair sa tseachtain ar a laghad (sonraí dóiteáin) nó uair sa choicís ar a laghad (lomadh). Is deacair bailíocht sonraí a áirithiú nuair is le trealamh cianda a bhailítear iad ós rud é go mbíonn fíoruithe ar an láthair agus acmhainní ar an láthair ag teastáil. Ba cheart a áirithiú gur ar an luas céanna a dhéantar bailiú sonraí agus próiseáil sonraí, go háirithe maidir le sonraí a bhailítear ar an láthair.

4.12. Is go cáiréiseach a fháiltíonn CESE roimh an togra ón gCoimisiún chun Buanghrúpa Foraoise agus Saineolaithe Foraoiseachta a bhunú agus is é a chomhairle gur cheart ról an Bhuanchoiste Foraoiseachta a neartú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an obair a dhéanfar sa todhchaí ar fhaireacháin ar fhoraoisí. Ba cheart geallsealbhóirí ábhartha na sochaí sibhialta a bheith páirteach sa ghrúpa, i bhfianaise ról tábhachtach na bhforaoisí don tsochaí.

([3]) IO C 152, 6.4.2022, lch 169.

4.13. Molann CESE, i gcásanna eisceachtúla amhail géarchéimeanna a bhaineann le tubaistí nádúrtha sonracha, gur cheart freagairtí a chur ar fáil agus leas a bhaint as acmhainní dílsithe chun sonraí ón láthair a bhailiú ar an toirt, agus gur cheart ionstraimí cianda a úsáid chun an tionchar ar fhoraoisí a shainaithint i bhfíoram.

4.14. Ba cheart cur chuige a bhaineann go sonrach leis an tírdhreach, lena gcuirfí ilroinnt agus sláine níos leithne an éiceachórais san áireamh, a chur leis an gcóras bailithe sonraí tar éis meastóireacht chuí a dhéanamh. Molann CESE ardán poiblí coiteann nua a chur ar bun ar fud an Aontais a thabharfaidh tacaíocht don fhaireachán ar fhoraoisí agus chun faisnéis, eolas agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus go mbeidh rannpháirtíocht ag CESE agus ag an tsochaí shibhialta ann. Ba cheart sineirge shoiléir le Pointí Rochtana Aonair Eorpacha a áirithiú d'fhoraoisí príobháideacha, leis an Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta agus leis an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte chun taighde foraoise a éascú.

An Bhruiséil, 20 Márta 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE